# Turas AE

## Turas fionnachtana

Conas an cluiche a imirt



0. Réamhrá ..... 3
1. An cluiche a thosú ..... 3
2. Roghnaigh leibhéal ..... 3
3. Roghnaigh tír ..... 5
4. Imir tír ..... 5
4.a. An cluiche tíl-mheaitseála ..... 6
4.b. Tráth na gceist ..... 7
4.c. Babhta bónais ..... 7
5. Tír a chríochnú ..... 8
6. Leibhéal a chríochnú ..... 8
7. Socruithe ..... 8
8. Sonraíochtaí teicniúla ..... 8

# 0. Réamhrá

Fáilte!

Tugann an cluiche seo ar thuras ar fud na hEorpa thú. Tabharfaidh tú cuairt ar thíortha éagsúla atá cheana féin san Aontas Eorpach (AE) chomh maith leis na tíortha ar mian leo dul isteach ann sa todhchaí. Freagróidh tú ceisteanna faoi na tíortha a bhfuil tú ag taisteal tríothu agus foghlaimeoidh tú mar gheall orthu agus tú ag imirt cluiche tíl-mheaitseála chun cleasaithe a bhuachan a chabhróidh leat bogadh ar aghaidh ar do thuras.

Réidh? Ar aghaidh linn!

An líon imreoirí:imreoir amháin

Fad:thart ar 10 nóiméad in aghaidh na tíre

**Tíortha le himirt:**

- Na 28 mBallstát den Aontas Eorpach
- Iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha (tíortha ar mian leo dul isteach san Aontas Eorpach sa todhchaí): Is iad sin an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeirbia, Montainéagró, an Chosaiv*, an Albáin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc

Críochnaíonn an cluiche nuair atá gach ceann de na tíortha imeartha.

# 1. An cluiche a thosú


Tar éis scáileán réamhrá achomair a thaispeáint, taispeánfaidh an cluiche léarscáil dhaite den Eoraip. Leibhéil is féidir a imirt iad na tíortha a bhfuil dath geal orthu. Léiríonn an dath an leibhéal a bhfuil an tír ina cuid de. Tá Ballstáit AE ina gcuid de bhloic a bhfuil dathanna difriúla orthu agus a léiríonn an bhliain a chuaigh siad isteach san Aontas Eorpach. Na tíortha a bhfuil dath gorm éadrom orthu (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeirbia, Montainéagró, an Chosaiv*, an Albáin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an Tuirc), is iadsan na hiarrthóirí nó na hiarrthóirí féideartha faoi láthair ar mian leo dul isteach in AE.


# 2. Roghnaigh leibhéal

Is féidir é sin a dhéanamh ón roghchlár "Roghnaigh Leibhéal" ag barr an scáileáin. Cliceáil ar bhliain agus aibhseofar ar an léarscáil gach tír a chuaigh isteach in AE an bhliain sin.

---

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive







Brúigh ar an gcnaipe AR AGHAIDH chun a roghnú cén tír ón leibhéal ba mhaith leat a imirt. Brúigh ar an gcnaipe SIAR chun dul ar ais chuig an roghchlár anuas agus bliain/leibhéal eile a roghnú.

Brúigh ar an gcnaipe "Iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha" chun na tíortha ar mian leo dul isteach in AE sa todhchaí a imirt.


*Tabhair faoi deara: Is ón scáileán seo amháin is féidir an roghchlár socruithe (deilbhín an rotha fhiaclaigh ag bun an scáileáin ar chlé) a rochtain. Is féidir leis an úsáideoir an cnaipe "siar" a úsáid chun dul ar ais chuig an scáileán seo agus é/í i gcuid eile den chluiche.*


*Tugtar rochtain leis an roghchlár socruithe ar na míreanna teagaisc agus ar an bhfógra dlíthiúil agus is féidir é a úsáid chun an cluiche a athshocrú.*



# 3. Roghnaigh tír

Tar éis duit leibhéal a roghnú, is é an chéad chéim eile ná tír a roghnú. Ar thosaigh tú trí bhliain a roghnú? Is iad seo na tíortha a chuaigh isteach in AE an bhliain sin. Ar thosaigh tú trí "iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha" a roghnú? Is iad seo na tíortha ar mian leo dul isteach in AE sa todhchaí.




Roghnaigh cén tír ba mhian leat a imirt ar dtús. Nuair atá an cluiche roghnaithe críochnaithe agat, treorófar ar ais chuig an liosta thú chun tír eile ón leibhéal céanna a roghnú. Is féidir leat dul níos faide siar freisin agus tír ó leibhéal eile a roghnú.

Nuair atá an tír le himirt roghnaithe agat, zúmálfar an cluiche isteach sa tír sin. Cliceáil ar "LEAN AR AGHAIDH" chun tosú ag imirt. Is féidir leat cliceáil ar "SIAR" am ar bith chun tír eile a roghnú.


# 4. Imir tír

Nuair atá tír curtha isteach agat, feicfidh tú trí leibhéal (1, 2 & 3 mar uimhreacha orthu) a bheidh le himirt agat chun an phríomhchathair a shroicheadh. Imreoidh tú cluiche tíl-mheaitseála ar do sheal, agus ansin tráth na gceist. Cliceáil ar '1' chun tosú ag imirt.

Leantar an scéim sin i gcás imirt gach tíre.

- Cluiche tíl-mheaitseála
- Tráth na gceist
- Cluiche tíl-mheaitseála
- Tráth na gceist deiridh (Príomhchathair)

- Babhta bónais (tráth na gceist roghnach) – is féidir é a imirt am ar bith nuair atá an t-imreoir i dtír.




Cliceáil ar an gcnaipe gorm "i" chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tír a bhfuil tú ag tabhairt cuairt uirthi. Beidh dath gorm dorcha (Ballstáit AE) nó liath (iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha) ann sa léarscáil ar aon tír atá imeartha agat cheana féin. Cabhraíonn sé sin leat lena fheiceáil cé na tíortha atá fós le himirt.

## 4.a. An cluiche tíl-mheaitseála

Sa chluiche tíl-mheaitseála, caithfidh an t-imreoir trí chomhartha ar a laghad a bhfuil an dath céanna agus an cruth céanna orthu a chur i líne chun iad a bhriseadh. Méadóidh deacracht an chluiche de réir a chéile ó thaobh ama, pointí, oighir agus gluaiseachtaí de.

- Am: Beidh an cluiche thart/caillte nuair atá an t-am ídithe.Léirítear an t-am atá fágtha ag bun an scáileáin ar dheis.
- Pointí: Beidh an cluiche buaite nuair atá an líon socraithe pointí sroichte trí bhloic a bhriseadh.Léirítear ag bun an scáileáin ar chlé an líon pointí atá gnóthaithe.
- Oighear: Is bloic iad sin lena ngabhann íomhá chúlra atá cosúil le hoighear. Caithfidh na bloic a bhriseadh trí na tíleanna a ghluaiseacht agus ró a chuimsíonn trí cinn nó níos mó de chomharthaí comhionanna a chruthú. Beidh an cluiche buaite nuair atá gach ceann de na bloic oighir briste.Léirítear an líon bloc oighir atá le briseadh fós ag an gcúinne ag an mbun ar dheis.
- Gluaiseachtaí: Beidh an cluiche buaite nuair atá an líon socraithe pointí sroichte/nuair atá gach bloc oighir briste laistigh den líon gluaiseachtaí atá ar fáil.Léirítear an líon gluaiseachtaí atá fágtha ag an gcúinne ag an mbun ar dheis.

Is féidir trí threisiú dhifriúla don chluiche tíl-mheaitseála a thuilleamh trí chineálacha thráth na gceist a chríochnú, agus iad léirshamhlaithe mar a leanas: Am+/Gluaiseacht+, Glantóir líne agus Glantóir datha.

- Am+/Gluaiseacht+:Cuireann sé roinnt ama nó gluaiseachtaí leis an líon réamhshocraithe a socraíodh i dtús an chluiche tíl-mheaitseála.
- Glantóir líne:Glanann sé na bloic go léir atá san aon ró amháin nó san aon cholún amháin.
- Glantóir datha:Glanann sé na bloic go léir a bhfuil an t-aon dath amháin orthu.

## 4.b. Tráth na gceist

Cuirfear ar an imreoir ceisteanna difriúla a bhaineann leis an tír roghnaithe. Ceisteanna ilroghnacha atá san aon fhormáid amháin iad na ceisteanna go léir: ceist amháin agus ceithre fhreagra fhéideartha, nach bhfuil ach ceann amháin díobh ina fhreagra ceart.

I gcás roinnt ceisteanna, preabann faisnéis bhreise aníos i bhfuinneog nua tar éis an freagra a roghnú. I gcás ceisteanna eile, tugtar deilbhín beag lena léirítear íomhánna nó inneachar meáin chun cabhrú leis an imreoir teacht ar an bhfreagra ceart.

Mar chabhair bhreise, is féidir le himreoirí cleasaithe a bhuachan sa chluiche tíl-mheaitseála agus sa bhabhta bónais. Tá trí chineál cleasaí ann:

- Scipeáil ceist:Roghnófar an freagra ceart go huathoibríoch.
- 50:50: Bainfear dhá fhreagra mhíchearta go huathoibríoch.
- Bain triail eile as (deilbhín na réalta): Más mícheart atá an freagra roghnaithe, beidh triail amháin eile ag an imreoir.

Beidh ar an imreoir freagra ceart a thabhairt ar 3 cinn ar a laghad de 5 cheist thráth na gceist chun an cluiche a chríochnú. Má thugtar an freagra ceart ar na 5 cheist go léir, díghlasálfar treiseoir don chluiche tíl-mheaitseála.

Má éiríonn leat sa chluiche tíl-mheaitseála, beidh tú in ann cleasaithe a bhuachan chun cabhrú leat i mbabhta thráth na gceist agus a mhalairt.

Ní féidir cleasaithe (do thráth na gceist) agus treisithe (do na cluichí tíl-mheaitseála) a úsáid ach uair amháin agus caithfidh iad a bhuachan an athuair chun iad a úsáid an athuair. Ní féidir cleasaí ná treiseoir a shábháil tar éis é a úsáid.

## 4.c. Babhta bónais

Is é atá sa bhabhta bónais (cnaipe na réalta) ná tráth na gceist breise is féidir a imirt am ar bith nuair atá an t-imreoir i dtír. I dtíortha AE, áirítear leis sin ceisteanna faoi na tíortha ar mian leo dul isteach in AE sa todhchaí – na hiarrthóirí agus na hiarrthóirí féideartha. Nuair atá na hiarrthóirí agus na hiarrthóirí féideartha á n-imirt, is faoin Aontas Eorpach atá ceisteanna an bhabhta bónais.



Níl sé éigeantach na ceisteanna sa bhabhta bónais a fhreagairt i gceart. Buann an t-imreoir cleasaí go huathoibríoch ag deireadh an bhabhta bónais, beag beann ar scór/thoradh an bhabhta sin. Is féidir an cleasaí a tuilleadh a úsáid do thráth na gceist ar bith sa chluiche.

## 5. Tír a chríochnú

A luaithe atá tú críochnaithe tráthanna na gceist agus na cluichí tíl-mheaitseála sa tír a imirt, iarrfar ort an chéad tír eile le himirt a roghnú. Is féidir leat í a roghnú ón leibhéal céanna (tíortha a chuaigh isteach in AE san aon bhliain amháin i gcás na mBallstát nó, i gcás na n-iarrthóirí agus na n-iarrthóirí féideartha, tír eile ar mian léi dul isteach in AE). Is féidir leat aon tír eile sa chluiche a imirt freisin, fiú tíortha ó leibhéal difriúil, trí nascleanúint tríd an gcluiche leis an gcnaipe "siar".  Tar éis tír a chríochnú, beidh dath liath ar a hainm sa liosta tíortha agus ní féidir í a imirt an athuair. Is féidir í a imirt an athuair má athshocraítear an cluiche tríd an roghchlár socruithe.

## 6. Leibhéal a chríochnú

Tar éis don imreoir gach tír i leibhéal ar leith a chríochnú, beidh dath liath ar an leibhéal sin san fhorbhreathnú "Roghnaigh Leibhéal" agus beidh dath gorm dorcha (i gcás Bhallstáit AE) nó liath (i gcás iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha) ar na tíortha. Más leibhéal lenar bhain Ballstáit AE a bhí sa leibhéal críochnaithe, iarrfar ar an imreoir cuairt a thabhairt ar cheann amháin de na tíortha ar mian leo dul isteach in AE sa todhchaí sula rachaidh sé/sí chuig leibhéal eile. Tar éis dó/di ceann amháin de na hiarrthóirí agus na hiarrthóirí féideartha a imirt, tabharfar an t-imreoir ar ais chuig an scáileán "Roghnaigh Leibhéal", áit ar féidir leis/léi leanúint den turas trí leibhéal/thír eile le himirt a roghnú.

Ní féidir leibhéal críochnaithe a imirt an athuair go dtí go n-athshocraítear an cluiche.

## 7. Socruithe

Is féidir leis an imreoir an cluiche a athshocrú sa roghchlár socruithe trí chliceáil ar an gcnaipe "Athshocraigh an Cluiche". Má roghnaítear an rogha sin, scriosfar gach cluiche sábháilte. Atosaigh an feidhmchlár ina dhiaidh sin. Anuas air sin, is féidir leis an imreoir na míreanna teagaisc a léirítear sa chéad imirt a léamh an athuair.

## 8. Sonraíochtaí teicniúla

Tá dhá leagan den chluiche ar fáil: Brabhsálaí agus Neamhspleách (as líne).

Is féidir an leagan Brabhsálaí a imirt trí shuíomh Gréasáin an Aontais Eorpaigh ar gach brabhsálaí coitianta agus cothrom le dáta (e.g. Microsoft Edge, Mozilla Firefox agus Google Chrome). Níl aon chumraíocht bhreise ná aon chearta úsáideora speisialta ag teastáil.

Is féidir an leagan neamhspleách nó as líne den chluiche a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh. Oibríonn an comhad suiteálaí le gach córas oibriúcháin cothrom le dáta de chuid Windows. Lean na treoracha suiteála tar éis duit cliceáil faoi dhó ar an gcomhad íoslódáilte. Tar éis suiteáil, is féidir an cluiche a sheoladh trína aicearra.